BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Naoú Dlísheomra)

10 Meán Fómhair 2026*

(Tarchur chun réamhrialú – Aontas Custaim – Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 – Comhtharaif chustaim – Aicmiú taraife – Ainmníocht chomhcheangailte – Ceannteidil 0302 agus 0511 – An coincheap ‘iasc atá mí-oiriúnach mar bhia don duine mar gheall ar a chineál nó ar a riocht’ – Raon feidhme – Iasc agus fuíollghearrthóga éisc)

I gCás C-406/25,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ón Vestre Landsret (Ard-Chúirt na Danmhairge Thiar, an Danmhairg), trí bhreith an 11 Aibreán 2025, a fuarthas ag an gCúirt an 16 Bealtaine 2025, sna himeachtaí

Skatteministeriet

v

FF Skagen A/S,

tugann AN CHÚIRT (an Naoú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: M. Condinanzi, Uachtarán Dlísheomra, N. Jääskinen agus A. Kornezov (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. Biondi,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– FF Skagen A/S, ag S. Andersen agus L. Kjær, advokater,

– Rialtas na Danmhairge, ag C. A.-S. Maertens, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó B. Søes Petersen, advokat,

– an Coimisiún Eorpach, ag A. Demeneix agus M.-L. Ehlers Defontaine, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Danmhairgis.

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an tarchur chun réamhrialú le léiriú Nóta 1(c) a ghabhann le Caibidil 3 de Chuid a Dó den Ainmníocht Chomhcheangailte a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO 1987 L 256, lch. 1), sa leagan is infheidhme maidir leis na fíorais sna príomhimeachtaí ('AC').

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Skatteministeriet (an Aireacht Cánachais, an Danmhairg) agus FF Skagen A/S, cuideachta atá corpraithe faoi dhlí na Danmhairge, maidir le haicmiú taraife éisc agus fuíollghearrthóg éisc a allmhairíonn an chuideachta sin.

An dlí lena mbaineann

An dlí idirnáisiúnta

3 Is í an Chomhairle um Chomhar Custaim, arb í an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC) anois í, a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún lena mbunaítear Comhairle um Chomhar Custaim, a tugadh i gcrích sa Bhruiséil an 15 Nollaig 1950, a dhréachtaigh an Córas Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí ('CC'). Bunaíodh CC leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, a tugadh i gcrích sa Bhruiséil an 14 Meitheamh 1983 (*Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe*, Iml. 1503, lch. 4, Uimh. 25910 (1988)) agus a formheasadh, lena phrótacal leasaitheach an 24 Meitheamh 1986, thar ceann Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa le Cinneadh 87/369/CEE ón gComhairle an 7 Aibreán 1987 (IO 1987 L 198, lch. 1) ('Coinbhinsiún CC').

4 Faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8 de Choinbhinsiún CC, formheasann EDC na Nótaí Míniúcháin agus na Tuairimí maidir le hAicmiú a ghlac Coiste CC arna bhunú le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún sin.

5 Faoi Airteagal 3(1)(a) de Choinbhinsiún CC, gabhann gach Páirtí Conarthach air féin a áirithiú go mbeidh a ainmníochtaí taraife agus staidrimh i gcomhréir le CC, ar an gcéad dul síos, trí úsáid a bhaint as ceannteidil agus fo-cheannteidil uile CC, gan aon bhreisiú ná modhnú a dhéanamh orthu, agus as na cóid uimhriúla a bhaineann leo, ar an dara dul síos, trí na rialacha ginearálta maidir le léiriú CC agus na nótaí roinne, caibidle agus fo-cheannteidil uile a chur i bhfeidhm gan a raon feidhme a athrú agus, ar an tríú dul síos, trí ord uimhrithe CC a leanúint.

Dlí an Aontais Eorpaigh

AC

6 Mar is léir ó Airteagal 1(1) agus (3) de Rialachán Uimh. 2658/87, rialaítear le AC, aicmiú taraife earraí a allmhairítear isteach san Aontas Eorpach. Faoi Airteagal 3(1) den Rialachán sin, atáirgeann an AC sin ceannteidil agus fo-cheannteidil CC go sé dhigit, agus ní chruthaíonn ach an seachtú agus an t-ochtú digit foranna breise a bhaineann go sonrach leis.

7 Foráiltear leis na rialacha ginearálta maidir le léiriú AC, a leagtar amach i Roinn A de Theideal I de Chuid a hAon de AC:

‘Rialófar aicmiú earraí [san AC] leis na prionsabail seo a leanas:

1. Ní sholáthraítear ceannteidil ranna, caibidlí agus fochaibidlí ach amháin chun tagairt dóibh a éascú; chun críocha dleathacha, déanfar aicmiú a chinneadh de réir théarmaí na gceannteideal agus aon roinn ábhartha nó aon nóta caibidle ábhartha agus, ar choinníoll nach gceanglaítear a mhalairt leis na ceannteidil nó leis na nótaí sin, de réir na bhforálacha seo a leanas.

[…]

6. Chun críocha dleathacha, déanfar aicmiú na n-earraí i bhfo-cheannteidil a chinneadh de réir théarmaí na bhfo-cheannteideal sin agus aon nóta fo-cheannteidil ghaolmhair agus, *mutatis mutandis*, de réir na rialacha thuas, ar an tuiscint nach inchomparáide ach fo-cheannteidil atá ar an leibhéal céanna. Chun críocha na rialach sin, is infheidhme an roinn ábhartha agus na nótaí caibidle ábhartha freisin, ach amháin i gcás ina gceanglaítear a mhalairt leis an gcomhthéacs.’

8 I gCuid a Dó de AC, dar teideal ‘Sceideal na nDleachtanna Custaim’, tá Roinn I, dar teideal ‘Ainmhithe beo, táirgí ainmhithe’, lena n-áirítear Caibidil 3, dar teideal ‘Éisc agus crústaigh, moilisc agus inveirteabraigh uisceacha eile’, agus Caibidil 5, dar teideal ‘Táirgí de thionscnamh ainmhíoch, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile’.

9 I gCaibidil 3, tá Nóta 1, ina bhforáiltear an méid seo a leanas:

‘Leis an gcaibidil seo ní chumhdaítear:

[…]

c) éisc (lena n-áirítear a n-aenna, a n-eochraí agus a lábáin) ná crústaigh, moilisc ná inveirteabraigh uisceacha eile, atá marbh agus mí-oiriúnach nó neamhoiriúnach mar bhia don duine de dheasca a speicis nó a reachta (Caibidil 5); plúir, min ná millíní ó éisc, ó chrústaigh, ó mhoilisc ná ó inveirteabraigh uisceacha eile, atá mí-oiriúnach mar bhia don duine (ceannteideal 2301);

[…]’

10 Tá na ceannteidil seo a leanas i sceideal na ndleachtanna i gCaibidil 3 de Chuid a Dó de AC:

‘Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad Forlíontach
1	2	3	4
[…]			
0302	Éisc, atá úr nó fuaraithe, seachas filléid éisc agus feoil éisc eile faoi cheannteideal Uimh. 0304 a áireamh		
[…]’			

11 Tá Nóta 1 a ghabhann le Caibidil 5 de Chuid a Dó de AC ina luaitear an méid seo a leanas:

‘Leis an gcaibidil seo ní chumhdaítear:

(a) táirgí inite (seachas putóga, lamhnáin agus goilí ainmhithe, ina n-iomláine agus codanna díobh, agus fuil ainmhíoch i bhfoirm leachtach nó thriomaithe);

[…]’

12 Tá na ceannteidil seo a leanas i sceideal na ndleachtanna i gCaibidil 5:

‘Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
[…]			
0511	Táirgí ainmhithe nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit eile; ainmhithe marbha ó Chaibidil 1 nó ó Chaibidil 3, atá mí-oiriúnach mar bhia don duine:		
[…]			
0511 91	– – Táirgí ó éisc nó ó chrústaigh, ó mhoilisc nó ó inveirteabraigh uisceacha eile; ainmhithe marbha dá dtagraítear i gCaibidil 3:		
0511 91 10	– – – Dramhaíl éisc	díolúine	–
0511 91 90	– – – eile	díolúine	–
[…]’			

Rialachán (CE) Uimh. 178/2002

13 Foráiltear le hAirteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO 2002 L 31, lch. 1):

‘1. Ní chuirfear bia ar an margadh mura bhfuil sé sábháilte.

2. Measfar nach bhfuil bia sábháilte más rud é:

(a) go ndéanann sé dochar don tsláinte,

(b) go bhfuil sé mí-oiriúnach lena chaitheamh ag an duine.

[...]

5. Chun a chinneadh an bhfuil bia mí-oiriúnach lena chaitheamh ag an duine, cuirfear san áireamh an bhfuil an bia do-ghlactha lena chaitheamh ag an duine i bhfianaise na húsáide atá beartaithe dó, ar chúiseanna éillithe de thionscnamh seachtrach nó de thionscnamh eile, nó trí bhíthin an mhorgtha, an mheatha, nó an lobhaidh.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán (CE) Uimh. 852/2004

14 Foráiltear le hAirteagal 1(1) de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO 2004 L 139, lch. 1, agus ceartúchán IO 2004 L 226, lch. 3):

‘Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha ginearálta d’oibreoirí gnólachtaí bia maidir le sláinteachas earraí bia […]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

15 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 2(1) den Rialachán sin:

‘Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn “sláinteachas bia”, (“sláinteachas”): na bearta agus na coinníollacha is gá chun guaiseacha a rialú agus chun a áirithiú go bhfuil bia oiriúnach lena chaitheamh ag an duine, agus an úsáid atá beartaithe dó á cur san áireamh;

[...]

(f) ciallaíonn “éilliú”: guais a bheith ann nó a thabhairt isteach;

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

16 De réir Airteagal 3 den Rialachán sin:

‘Áiritheoidh oibreoirí gnólachtaí bia go gcomhlíonfar na ceanglais sláinteachais ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo ag gach céim de tháirgeadh, de phróiseáil agus de dháileadh na n-earraí bia atá faoina rialú.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán (CE) Uimh. 853/2004

17 Foráiltear le hAirteagal 1(1) de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de thionscnamh ainmhíoch (IO 2004 L 139, lch. 55):

‘Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha sonracha maidir le sláinteachas bia de thionscnamh ainmhíoch le haghaidh oibreoirí gnólachtaí bia. Leis na rialacha sin, forlíontar na rialacha a leagtar síos le [Rialachán (CE) Uimh. 852/2004]. Beidh feidhm acu maidir le táirgí neamhphróiseáilte agus próiseáilte de bhunadh ainmhíoch.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

18 De réir Airteagal 3(1) de Rialachán Uimh. 853/2004:

‘Comhlíonfaidh oibreoirí gnólachtaí bia forálacha ábhartha Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

19 Áirítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin Roinn VIII, dar teideal ‘Táirgí iascaigh’, ina bhfuil, *inter alia*, ceanglais is infheidhme maidir le soithí, ceanglais atá le comhlíonadh le linn táirgí iascaigh a thabhairt i dtír agus ina dhiaidh sin, ceanglais is infheidhme maidir le bunaíochtaí, lena n-áirítear soithí, ina láimhseáiltear na táirgí sin, caighdeáin sláinte is infheidhme maidir leis na táirgí sin agus ceanglais a bhaineann le stóráil táirgí iascaigh neamhphróiseáilte díreoite agus táirgí iascaigh úra ar cuireadh breiseáin bhia leo i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais.

20 Tá roinnt ceanglas sa roinn seo a bhaineann le teocht táirgí iascaigh. I measc na gceanglas sin, foráiltear le pointe I.B (1) de Chaibidil I den roinn sin, arna léamh i gcomhar le pointe 1 de Chaibidil VII di, nach mór do shoithí atá ceaptha agus feistithe chun táirgí iascaigh úra a chaomhnú ar feadh níos mó ná 24 uair an chloig a bheith feistithe le feistí chun táirgí iascaigh a stóráil ag teocht atá gar do leátheocht oighir. Foráiltear le pointe I.B (3) de Chaibidil I, *inter alia*, i gcás ina ndéantar táirgí iascaigh a fhuarú in uisce sáile glan fuaraithe, nach mór do bhoilg, d’umair nó do choimeádáin soithí teocht aonchineálach a áirithiú agus ráta cuisniúcháin a chumasú ionas nach rachaidh teocht an mheascáin éisc agus sáile glan thar 3 °C 6 uair an chloig tar éis an luchtaithe nó 0 °C tar éis 16 uair an chloig. Faoi phointe 1(b)(ii) de Chaibidil II den roinn sin, arna léamh i gcomhar le pointe 1 de Chaibidil VII di, ní mór d’oibreoirí gnó bia atá freagrach as táirgí iascaigh úra agus táirgí iascaigh neamhphróiseáilte díreoite, *inter alia*, a dhíluchtú agus a thabhairt i dtír aon éilliú ar na táirgí sin a sheachaint, le linn díluchtú agus tabhairt i dtír, trína gcur láithreach i dtimpeallacht chosanta ag teocht atá gar do leac oighir. Leanann sé ó phointe 1

de Chaibidil VII agus ó phointe 1(a) de Chaibidil VIII den roinn sin nach mór d'oibreoirí gnó bia a dhéanann na hoibríochtaí sin a áirithiú, le linn stóráil agus iompar na dtáirgí sin, go gcoinnítear na táirgí céanna ag teocht atá gar do theocht oighir atá ag leá.

21 Foráiltear le pointe C de Chaibidil V de Roinn VIII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Uimh. 853/2004, *inter alia*, nach gcuirfear táirgí iascaigh neamhphróiseáilte ar an margadh má léirítear le tástálacha ceimiceacha gur sáraíodh na teorainneacha nítrigine bunata so-ghalaithe iomlána (TVB-N).

Rialachán (CE) Uimh. 854/2004

22 De réir Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos na rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla a eagrú i dtaca le táirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine (IO 2004 L 139, lch. 206), áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar rialuithe oifigiúla ar tháirgí iascaigh i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin, dar teideal 'Táirgí iascaigh'.

23 Foráiltear le pointe 4 de Chaibidil III den Iarscríbhinn sin nach mór a dhearbhú go bhfuil táirgí iascaigh mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine má mheasann na húdaráis inniúla go bhféadfadh riosca a bheith ag baint leo don tsláinte phoiblí nó do shláinte ainmhithe nó, ar aon chúis eile, go bhfuil siad mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine.

Rialachán Uimh. 2074/2005

24 Foráiltear le pointe 1 de Chaibidil I de Roinn II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2005 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme maidir le táirgí áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus maidir le rialuithe oifigiúla a eagrú faoi Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, de mhaolú ar Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 853/2004 agus (CE) Uimh. 854/2004 (IO 2005 L 338, lch. 27), arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1022/2008 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2008 (IO 2008 L 277, lch. 18) ('Rialachán Uimh. 2074/2005'):

'Measfar go bhfuil táirgí iascaigh neamhphróiseáilte mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine nuair a chaitheann an measúnú orgánaileipteach amhras ar a n-úire agus nuair a léiríonn rialú ceimiceach go sáraítear na teorainneacha TVB-N seo a leanas:

(a) 25 mg nítrigine/100 g d'fheoil i gcás na speiceas dá dtagraítear i bpointe 1 de Chaibidil II;

(b) 30 mg nítrigine/100 g d'fheoil i gcás na speiceas dá dtagraítear i bpointe 2 de Chaibidil II;

(c) 35 mg nítrigine/100 g d'fheoil i gcás na speiceas dá dtagraítear i bpointe 3 de Chaibidil II;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

25 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht i gCaibidil II de Roinn II d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin:

'1. *Sebastes* spp., *Helicolenus dactylopterus*, *Sebastichthys capensis*.

2. Speicis a bhaineann leis an bhfine *Pleuronectidae* (ach amháin haileabó: *Hippoglossus* spp.).

3. *Salmo salar*, speiceas a bhaineann leis an bhfine *Merlucciidae*, speiceas a bhaineann leis an bhfine *Gadidae*.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán Uimh. 1333/2008

26 Ag féachaint do dháta fhíorais na díospóide sna príomhimeachtaí, tá Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bhia (IO 2008 L 354, lch. 16) infheidhme sa leagan a eascraíonn as na leasuithe a rinneadh le Rialachán (AE) 2015/647 ón gCoimisiún an 24 Aibreán 2015 (IO 2015 L 107, lch. 1) ('Rialachán Uimh. 1333/2008') agus sa leagan níos luaithe araon. Mar sin féin, níor leasaíodh go substaintiúil na forálacha a bhaineann leis an díospóid sin, agus mar thoradh air sin is iomchuí na forálacha a eascraíonn as na leasuithe sin a lua.

27 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 5 de Rialachán Uimh. 1333/2008:

'Ní chuirfidh aon duine breiseán bia ná aon bhia a bhfuil an breiseán bia sin ann ar an margadh mura gcomhlíonfaidh úsáid an bhreiseáin bia sin an Rialachán seo.'

28 De réir Airteagal 15 den Rialachán sin:

'Ní úsáidfear breiseáin bia i mbianna neamhphróiseáilte, ach amháin i gcás ina bhforáiltear go sonrach don úsáid sin in Iarscríbhinn II.'

29 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht i bpointe 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, dar teideal 'Forálacha ginearálta maidir le breiseáin bia a áirítear sa liosta agus a gcoinníollacha úsáide':

'1. Ní fhéadfar ach substaintí a liostaítear i gCuid B den Iarscríbhinn seo, [...], a úsáid mar bhreiseáin i mbianna, ach amháin i gcás ina bhforáiltear go sonrach dóibh i gCuid E den Iarscríbhinn seo.

2. Ní fhéadfar breiseáin a úsáid ach amháin i mbianna agus faoi na coinníollacha a leagtar síos i gCuid E den Iarscríbhinn seo.

3. I gCuid E den Iarscríbhinn seo, liostaítear bianna ar bhonn na gcatagóirí bia a leagtar amach i gCuid D den Iarscríbhinn seo agus déantar breiseáin a ghrúpáil ar bhonn na ngrúpaí a leagtar amach i gCuid C den Iarscríbhinn seo.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

30 Liostaítear aigéad aicéiteach i gCuid B den Iarscríbhinn sin. Liostaítear iasc agus táirgí iascaigh neamhphróiseáilte agus iasc agus táirgí iascaigh próiseáilte, lena n-áirítear moilisc agus crústaigh, i gCuid D den Iarscríbhinn sin. I gCuid E den Iarscríbhinn sin, ní áirítear aigéad aicéiteach i measc na mbreiseán dá dtagraítear le haghaidh na gcatagóirí bia sin.

Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009

31 Foráiltear le hAirteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) (IO 2009 L 300, lch. 1):

‘Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag an sainmhíniú seo a leanas:

1. ciallaíonn “seachtháirgí ainmhithe” coirp iomlána nó codanna d’ainmhithe, nó táirgí de bhunadh ainmhíoch nó táirgí eile a fhaightear ó ainmhithe, nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine lena n-áirítear úicítí, suthanna agus seamhan;

[…]’

32 De réir Airteagal 7(1) den Rialachán sin:

‘Déanfar seachtháirgí ainmhithe a aicmiú i gcatagóirí sonracha lena léirítear an leibhéal riosca don tsláinte phoiblí agus do shláinte ainmhithe a eascraíonn as na seachtháirgí ainmhithe sin, i gcomhréir leis na liostaí a leagtar síos in Airteagal 8, Airteagal 9 agus Airteagal 10.’

33 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 10 den Rialachán sin:

‘Áireofar na seachtháirgí ainmhithe seo a leanas in ábhar Chatagóir 3:

(a) conablaigh agus codanna d’ainmhithe a mharaítear nó, i gcás géim, coirp nó codanna d’ainmhithe, a mharaítear, agus atá oiriúnach mar bhia don duine i gcomhréir le reachtaíocht an Chomhphobail, ach nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine ar chúiseanna tráchtála;

[…]’

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

34 D’allmhairigh FF Skagen éisc agus fuíollghearrthóga éisc ón Iorua den chuid is mó a d’úsáid sé chun min éisc, ola éisc agus táirgí beatha ainmhithe eile a tháirgeadh.

35 An 10 Samhain 2016, rinne an Toldstyrelsen (an Ghníomhaireacht Custaim, an Danmhairg) cigireacht ar allmhairí iasc iomlán den speiceas faoitíní gorma, caibeallán, corr ghainimh, airgintín, trosc agus bolmán, ar dhearbhaigh FF Skagen go dtagann siad faoi Chaibidil 5 de Chuid a Dó de AC.

36 Le linn na cigireachta sin, d'iarr an Ghníomhaireacht Custaim ar an institiúid anailíseach Force Technology (an Danmhairg) anailís a dhéanamh ar shamplaí de chuid de na n-iasc sin agus a léiriú an raibh siad oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine nó nach raibh, chun a n-aicmiú taraife a fhíorú.

37 Ar bhonn meastóireacht amhairc agus chéadfach ar na samplaí sin, mheas an institiúid sin go raibh na gabhálacha a bhí ina gcuid de thrí cinn de na ceithre shampla a ndearnadh anailís orthu oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine, cé nach raibh siad siúd atá ina gcuid den cheathrú sampla oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine, mar gheall go háirithe ar bholadh an-mhíthaitneamhach.

38 Rinne an institiúid sin cur síos ar na samplaí a mheas sí a bheith oiriúnach lena dtomhailt ina n-iomláine, gan bheith dí-innithe agus gan cheann. Ina theannta sin, d'aicmigh sé roinnt de na samplaí sin mar shamplaí ilchineálacha, ag sonrú, *inter alia*, go raibh dea-bhail ar roinnt iasc san aer, agus go raibh cinn eile brúite, go raibh craiceann scríobtha orthu agus go raibh a súile, a gcinn nó a n-eireabaill ar iarraidh.

39 Is léir ó na conarthaí ceannaigh a thug FF Skagen i gcrích agus a bhaineann leis na gabhálacha a ndearnadh anailís orthu agus a measadh a bheith oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine gur coinníodh na héisc ar bord soithí ar feadh tréimhse suas le 8 lá, arna ríomh idir an chéad ghabháil agus an chéad tabhairt i dtír, tar éis an choinneáil sin a dhéanamh trí aigéad aicéiteach nó 'aigéad' a chur leo, gan tuilleadh sonraí. Ina theannta sin, ba é 14 go 30 mg/100 g meánluach TVB-N na ngabhálacha sin, arna ríomh ar bhonn ilsampláil gabhálacha aonair. Bhí cion 40 mg/100 g ag ceann de na 10 sampla a úsáideadh chun meánluach TVB-N ceann de na gabhálacha a chinneadh, agus bhí leibhéil idir 27 agus 33 mg/100 g ag na 9 sampla eile den ghabháil chéanna.

40 Sa bhreis ar na gabhálacha a bhí mar chuid de na trí shampla a mheas an institiúid anailíseach a bheith oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine, d'allmhairigh FF Skagen, le linn na tréimhse faoi iniúchadh, gabhálacha eile a raibh a meánluach TVB-N níos lú ná 35 nó 60 mg/100 g, arna thomhas aige, ag brath ar speiceas na n-iasc lena mbaineann. Mar sin féin, bhí éagsúlacht sa chion sin, sampla aonair ina raibh uaschion 82 mg/100 g. Coinníodh na gabhálacha sin ar bord soithí ar feadh tréimhse suas le 12 lá, arna ríomh idir an chéad ghabháil agus an chéad tabhairt i dtír, agus úsáid á baint as meascán d'fhionnuisce nó de mhuir fhuaraithe agus aigéad aicéiteach nó de chineál neamhshonraithe. Bhí teocht an uisce inar coinníodh na gabhálacha sin éagsúil ó bhaisc amháin go baisc eile agus shroich sí 8.6 °C tráth an tabhairt i dtír. Mar fhreagra ar iarraidh ó FF Skagen, dúirt údaráis bhia na Danmhairge, dar leo, go raibh siad mí-oiriúnach mar bhia don duine mar gheall ar aigéad aicéiteach a úsáid mar leasaitheach do na gabhálacha atá i gceist sna príomhimeachtaí, beag beann ar a luach TVB-N.

41 An 19 Feabhra 2018, chinn údaráis chustaim na Danmhairge go raibh éisc iomlán agus fuíollghearrthóga éisc a d'allmhairigh FF Skagen le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 30 Samhain 2017 le haicmiú faoi Chaibidil 3 de Chuid a Dó de AC i gcás ina raibh meánluach TVB-N gach coinsíneachta, arna thomhas ag an gcuideachta sin, níos lú ná 35 mg/100 g i gcás speicis a bhaineann le fine *Gadidea*, lena n-áirítear fuíollghearthóga éisc, agus níos lú ná 60 mg/100 g i gcás gach speicis eile.

42 Thug an chuideachta sin caingean i gcoinne chinneadh na n-údarás sin os comhair Landsskatteretten (an Binse Náisiúnta Fioscach, an Danmhairg).

43 An 6 Lúnasa 2020, bhí an t-údarás sin den tuairim, mar gheall ar a stóráil in uisce le haigéad aicéiteach breise roimh imréiteach custaim, go raibh na héisc iomlána agus na fuíollghearrthóga éisc allmhairithe mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine mar gheall ar a riocht tráth an imréitigh custaim. Ar an gcúis sin, d'eisiaigh sé iad óna n-aicmiú i gCaibidil 3 de Chuid a Dó de AC i gcomhréir le Nóta 1(c) a ghabhann leis an gcaibidil sin. De réir an údaráis sin, bhí na héisc le haicmiú ansin i gCaibidil 5 de Chuid a Dó de AC, faoi fho-cheannteideal 0511 91 90, i gcomhréir le Rialacha Ginearálta 1 agus 6 maidir le léiriú AC, a leagtar amach i gCuid a hAon, Teideal I, Roinn A, de AC.

44 Thug an Aireacht Cánachais caingean os comhair an Vestre Landsret (Ard-Chúirt na Danmhairge Thiar, an Danmhairg), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, i gcoinne chinneadh an Bhinse Náisiúnta Fhioscaigh, ag maíomh gur cheart na héisc agus na fuíollghearrthóga éisc atá i gceist sna príomhimeachtaí a aicmiú faoi cheannteideal 0302 de AC.

45 Measann an chúirt sin go bhfuil amhras ann an dtagann na hearraí sin faoi Chaibidil 3 de Chuid a Dó de AC nó faoi Chaibidil 5 den chuid sin.

46 I ndáil leis sin, tugann sí faoi deara gur ceannaíodh na gabhálacha uile atá i gceist sa díospóid os a comhair faoi chonarthaí a tugadh i gcrích d'fhonn iad a úsáid i dtáirgeadh tionsclaíoch mine éisc agus ola éisc seachas mar bhia don duine. Trí chonarthaí den sórt sin a shíniú, gheall FF Skagen an t-iasc a úsáid chun na críche ar ceannaíodh iad.

47 De réir na cúirte a rinne an tarchur, tá sé i gceist le haigéad a chur leis forbairt TVB-N in éisc a laghdú. Léiríonn an luach TVB-N leibhéal meatha an éisc, agus sonraítear dá airde an leibhéal meatha, is ea is mó meath a thagann ar an iasc. Leanann teorainnluachanna TVB-N ó phointe 1 de Chaibidil I de Roinn II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Uimh. 2074/2005. Tugann an chúirt sin faoi deara freisin nach n-údaraítear le Rialachán Uimh. 178/2002 táirgí iascaigh neamhphróiseáilte atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine a mhargú má cuireadh aigéad aicéiteach nó aigéad eile leo. Ina theannta sin, déantar foráil le Rialachán Uimh. 853/2004 maidir le héisc a fhuarú díreach tar éis iad a thabhairt i dtír ag teocht gar do leáphointe an oighir.

48 Maidir leis na fuíollghearrthóga éisc reoite arna n-allmhairiú ag FF Skagen, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil doiciméad tráchtála caighdeánach maidir le hiompar seachtháirgí ainmhithe agus táirgí próiseáilte nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine, arna tharraingt suas faoi Rialachán Uimh. 1069/2009, ag gabháil le ceann de na coinsíneachtaí lena mbaineann. Luadh sa doiciméad sin gur deimhníodh na fuíollghearrthóga atá i gceist le haghaidh beatha ainmhithe agus gur seachtháirgí iad a thagann faoi fho-cheannteideal 0511 91 10, dar teideal 'Dramhaíl éisc', de AC. Sa doiciméad sin, liostaíodh na fuíollghearrthóga sin mar ábhar 'Catagóir 3a', lena n-áirítear 'conablaigh agus codanna d'ainmhithe maraithe […] atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le reachtaíocht an Chomhphobail, ach nach bhfuil ceaptha lena gcaitheamh ag an duine ar chúiseanna tráchtála' de réir bhrí Airteagal 10(a) den Rialachán sin. Tar éis ghabháil na n-iasc agus le linn a n-iompair, cóireáladh iad i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa Rialachán sin agus ní i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i Rialachán Uimh. 852/2004.

49 Sna himthosca sin, chinn an Vestre Landsret (Ard-Chúirt na Danmhairge Thiar) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'1) An gcaithfear Nóta 1(c) a ghabhann le Caibidil 3 [de Chuid a Dó de AC] a léiriú sa chaoi nach gcumhdaítear le Caibidil 3 earraí amhail na hearraí atá i gceist sna príomhimeachtaí?

2) Iarrtar ar an gCúirt a shoiléiriú an bhfuil tionchar ag aon cheann de na himthosca seo a leanas ar fhreagra na ceiste a tharchuirtear:
   (a) Cuireadh aigéad aicéiteach nó aon aigéad eile leis na hearraí, lena n-áirítear cé acu atá nó nach bhfuil sé ábhartha gur cuireadh aigéad aicéiteach, nach bhfuil formheasta lena chaitheamh ag an duine de réir fhaisnéis an mhonaróra, leis na hearraí sin
   (b) Is mó meánluach TVB-N na n-earraí ná 25 go 35 de bhun Rialachán (CE) Uimh. [2074/2005];
   (c) Déantar na hearraí a stóráil i mbulc, i gcás ina bhfuil leibhéal TVB-N ag codanna de na héisc a sháraíonn an leibhéal a údaraítear de bhun Rialachán (CE) Uimh. [2074/2005];
   (d) Níor láimhseáladh na hearraí i gcomhréir leis an reachtaíocht maidir le sláinteachas bia, lena n-áirítear:
      I. Rialachán Uimh. [178/2002];
      II. Rialachán Uimh. [852/2004];
      III. Rialachán Uimh. [853/2004];
      IV. Rialachán Uimh. [854/2004];
      V. Rialachán Uimh. [1333/2008];
      VI. Rialachán Uimh. [1069/2009];
   (e) De réir na ndoiciméad tráchtála, thóg an soitheach gabhála na hearraí, cuireadh iad ar díol agus díoladh iad go heisiach le haghaidh tháirgeadh tionsclaíoch beatha ainmhithe agus ní raibh siad ceaptha mar bhia don duine;
   (f) De réir údaráis bhia na Danmhairge, mar thoradh ar an gcaoi gur cuireadh aigéad aicéiteach leis na hearraí, níl na hearraí ceaptha mar bhia don duine, gan beann ar a luach TVB-N;
   (g) Déantar na táirgí a allmhairiú isteach san Aontas Eorpach mar sheachtháirgí faoi Rialachán [Uimh. 1069/2009]. Iarrtar ar an gCúirt, i ndáil leis sin, a shoiléiriú cén doiciméadacht is gá chun earraí a mheas mar sheachtháirge faoi Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ón gComhairle agus ó Pharlaimint na hEorpa.'

50 Ar thogra ón Uachtarán, tar éis di an Leas-Uachtarán agus an Chéad Abhcóide Ginearálta a éisteacht, chinn an Chúirt an iarraidh seo ar réamhrialú a chur isteach ina clár. Ní bhaineann an iarraidh sin go heisiach le hábhar sonrach dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad mhír d'Airteagal 50b de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

51 Leis na ceisteanna sin, ar cheart iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá AC a léiriú sa chaoi go gciallaíonn ceannteideal 0302, dar teideal 'Éisc, iad úr nó fuaraithe, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh', nó ceannteideal 0511, dar teideal 'Táirgí ainmhithe nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; ainmhithe marbha atá faoi Chaibidil 1 nó 3, iad mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine',

– éisc iomlána a coinníodh ar bord soithí gabhála ar feadh i bhfad trí aigéad aicéiteach nó aigéad eile a chur leis ag teocht athraitheach a d'fhéadfadh a bheith níos mó ná na teorainneacha a leagtar síos i rialacha an Aontais maidir le sláinteachas bia, a bhfuil leibhéil éagsúla TVB-N acu, a bhfuil cuid acu níos mó ná na teorainneacha a leagtar síos sna rialacha sin, a stóráladh ar an mórchóir, nár láimhseáladh i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha amach i bhforálacha na rialacha sin, agus go léirítear sna doiciméid tráchtála a ghabhann leo gur gabhadh agus gur díoladh iad chun beatha ainmhithe a tháirgeadh, agus

– fuíollghearrthóga éisc nár láimhsíodh i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha amach i bhforálacha na rialachán céanna agus a léirítear sna doiciméid tráchtála a ghabhann leo gur seachtháirgí ainmhithe iad atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine ach nach bhfuil siad ceaptha lena gcaitheamh ag an duine ar chúiseanna tráchtála agus gur táirgeadh agus gur díoladh iad chun beatha ainmhithe a tháirgeadh

52 Ba cheart a thabhairt faoi deara, ar dtús, nuair a iarrtar ar an gCúirt réamhrialú a thabhairt ar ábhar aicmithe chun críoch chustaim, gurb é an cúram atá uirthi treoir a thabhairt do na cúirteanna náisiúnta maidir leis na critéir lena gcuirfear ar chumas na gcúirteanna náisiúnta na táirgí atá i gceist a aicmiú i gceart in AC, seachas an t-aicmiú sin féin a dhéanamh. Is toradh é aicmiú na n-earraí atá i gceist, de réir a n-aicmithe taraife, ar chinneadh fíorasach amháin nach faoin gCúirt atá sé a dhéanamh i gcomhthéacs tarchur chun réamhrialú (breithiúnas an 1 Lúnasa 2025, *Keesing Deutschland*, C-375/24, EU:C:2025:624, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

53 É sin ráite, ní mór a thabhairt faoi deara, i gcomhréir le Riail Ghinearálta 1 maidir le léiriú AC, go bhfuil aicmiú earraí le cinneadh de réir théarmaí na gceannteideal agus aon nóta roinne nó caibidle den ainmníocht sin (breithiúnas an 1 Lúnasa 2025, *Keesing Deutschland*, C-375/24, EU:C:2025:624, mír 38).

54 Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus fíorú éasca, tá an critéar cinntitheach maidir le haicmiú earraí chun críoch chustaim le lorg, go ginearálta, ina saintréithe oibiachtúla agus ina n-airíonna oibiachtúla mar a shainmhínítear i bhfoclaíocht cheannteideal AC agus i nótaí na roinne nó na caibidle (breithiúnas an 1 Lúnasa 2025, *Keesing Deutschland*, C-375/24, EU:C:2025:624, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

55 D'fhéadfadh úsáid bheartaithe táirge a bheith ina critéar oibiachtúil maidir le haicmiú más gné dhílis den táirge í, agus ní mór measúnú a dhéanamh ar an ngné bhunúsach sin ar bhonn shaintréithe agus airíonna oibiachtúla an táirge (breithiúnas an 22 Meitheamh 2023, *PR Pet*, C-24/22, EU:C:2023:507, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear). Mar sin féin, ní critéar ábhartha é úsáid bheartaithe an táirge ach amháin mura féidir aicmiú a dhéanamh ar bhonn shaintréithe oibiachtúla agus airíonna oibiachtúla an táirge amháin (breithiúnas an 16 Feabhra 2017, *Aramex Nederland*, C-145/16, EU:C:2017:130, mír 23 agus an cásdlí dá dtagraítear).

56 Sa chás seo, tá comhthuiscint ann go dtagann na hearraí atá i gceist sna príomhimeachtaí faoi Roinn I de Chuid a Dó de AC, dar teideal 'Ainmhithe beo agus táirgí ainmhithe'.

57 Tá an roinn sin roinnte ina cúig chaibidil, a bhfuil ceannteideal 0302 i gCaibidil 3, dar teideal 'Éisc agus crústaigh, moilisc agus inveirteabraigh uisceacha eile', dar teideal 'Éisc, iad úr nó fuaraithe, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh', agus i gCaibidil 5, dar teideal 'Táirgí eile de bhunadh ainmhíoch, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile', a bhfuil ceannteideal 0511 inti, dar teideal 'Táirgí ainmhithe nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; ainmhithe marbha atá faoi Chaibidil 1 nó 3, iad mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine'. Is léir ó fhoclaíocht Chaibidil 5 go mbaineann sé le táirgí nach gcomhfhreagraíonn d'aon ainm sna ceithre chaibidil eile den roinn sin. Ina theannta sin, luaitear i Nóta 1(a) a ghabhann le Caibidil 5 nach gcumhdaítear sa chaibidil sin táirgí inite seachas putóga, lamhnáin agus goilí ainmhithe nó fola ainmhithe (féach, de réir analaí, breithiúnas an 16 Iúil 2009, *Pärlitigu*, C-56/08, EU:C:2009:467, mír 25).

58 Luaitear i Nóta 1(c) a ghabhann le Caibidil 3 de Chuid a Dó, Roinn I, de AC nach gcumhdaítear sa chaibidil sin éisc atá mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine mar gheall ar a gcineál nó ar a riocht. Dá bhrí sin, is léir ó fhoclaíocht an nóta sin gurb é an critéar cinntitheach chun a chinneadh an dtagann iasc faoi Chaibidil 3 ná an bhfuil sé oiriúnach nó mí-oiriúnach lena chaitheamh ag an duine. Sna himthosca sin, is í an cheist chinntitheach an raibh na hearraí atá i gceist sna príomhimeachtaí, tráth a n-imréitigh custaim, oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine (féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Iúil 2009, *Pärlitigu*, C-56/08, EU:C:2009:467, mír 27 agus an cásdlí dá dtagraítear).

59 Chun a shuí an bhfuil táirge oiriúnach nó mí-oiriúnach lena chaitheamh ag an duine, de réir bhrí an nóta sin, ní mór na tosca ábhartha uile a bhaineann lena shaintréithe agus leis na hairíonna oibiachtúla is gné dhílis de a chur san áireamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Aibreán 2016, *Oniors Bio*, C-233/15, EU:C:2016:305, míreanna 42 agus 57 agus an cásdlí dá dtagraítear).

60 Ní mór a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, sa chás seo, go dtagraíonn an chúirt a rinne an tarchur do thosca éagsúla a bhaineann leis an gcaoi ar déileáladh leis na hearraí atá i gceist sna príomhimeachtaí roimh imréiteach custaim, amhail aigéad aicéiteach nó aigéad eile a chur leo, a mbulcstóráil agus a láimhseáil nach gcomhlíonann rialacha sláinteachais bia, luach ard TVB-N, teocht ard agus seilfré fhada na n-earraí sin, ag ceistiú, go bunúsach, an bhfuil riosca ann do shláinte an duine mar thoradh ar éilliú nó dianscaoileadh féideartha na n-earraí sin, rud a fhágann go bhfuil siad mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine.

61 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann tosca den sórt sin leis na saintréithe agus na hairíonna oibiachtúla is gné dhílis de na hearraí atá i gceist sna príomhimeachtaí agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad oiriúnach nó mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine.

62 Chinn an Chúirt cheana féin, ós rud é, mar gheall ar shaintréithe an phróisis monaraíochta, nach féidir láithreacht substaintí atá díobhálach do shláinte an duine i dtáirge a eisiamh, gur fachtóir ábhartha é sin a d'fhéadfadh údar a thabhairt le táirge den sórt sin a aicmiú mar tháirge neamhbhia, i bhfianaise a shaintréithe agus a airíonna oibiachtúla (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Aibreán 2016, *Oniors Bio*, C-233/15, EU:C:2016:305, míreanna 43 agus 48).

63 Ina theannta sin, ní mór a mheabhrú go bhfuil an fhaisnéis a chuireann monaróir an táirge atá i gceist ar fáil, i bprionsabal, in ann saintréithe agus airíonna oibiachtúla an táirge sin a shuí (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Aibreán 2016, *Oniors Bio*, C-233/15, EU:C:2016:305, míreanna 44, 47 agus 50).

64 Ar an gcaoi chéanna, thug an Chúirt dá haire go n-eascraíonn tocsainí as dianscaoileadh nó meathlú ábhair ainmhíoch a fhágann, i bprionsabal, go bhfuil an t-ábhar sin mí-oiriúnach lena chaitheamh ag an duine agus go bhfuil riosca ag baint leis freisin, *inter alia*, do shláinte an duine (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Meán Fómhair 2021, *Toropet*, C-836/19, EU:C:2021:668, mír 60).

65 Ar an dara dul síos, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, d'fhonn a chinneadh an bhfuil na gabhálacha atá i gceist sna príomhimeachtaí 'mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine', an féidir reachtaíocht an Aontais maidir le hearraí bia agus sláinteachas bia a chur san áireamh.

66 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a mheabhraítear i mír 54 den bhreithiúnas seo, go bhfuil an critéar cinntitheach maidir le haicmiú earraí chun críoch custaim le lorg go ginearálta ina saintréithe agus ina n-airíonna oibiachtúla mar a shainmhínítear i bhfoclaíocht an cheannteidil

ábhartha de AC agus na nótaí a ghabhann leis na ranna nó na caibidlí. Dá bhrí sin, bhí deis ag an gCúirt a chur in iúl, maidir le hábharthacht, chun críocha aicmiú taraife earraí, dhlí bia an Aontais agus, go háirithe, an toirmisc ar 'bhia neamhsháibháilte' a chur ar an margadh, a leagtar síos in Airteagal 14 de Rialachán Uimh. 178/2002, gur faoi na húdaráis chustaim náisiúnta a chuireann, go háirithe, forálacha AC i bhfeidhm, i ndáil leis sin, atá aicmiú taraife earraí ar dháta a n-imréitigh custaim. (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Aibreán 2016, *Oniors Bio*, C-233/15, EU:C:2016:305, mír 52).

67 Dá bhrí sin, ní féidir le reachtaíocht an Aontais maidir le hearraí bia agus sláinteachas bia, inti féin, a bheith cinntitheach maidir le haicmiú earraí faoi cheannteideal ar leith de AC, ach mar sin féin is fachtóir amháin í, i measc fachtóirí eile, atá le cur san áireamh chun na críche sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 4 Márta 2015, *Oliver Medical*, C-547/13, EU:C:2015:139, mír 53; an 28 Aibreán 2016, *Oniors Bio*, C-233/15, EU:C:2016:305, mír 56, agus an 15 Nollaig 2016, *LEK*, C-700/15, EU:C:2016:959, mír 36).

68 Dá bhrí sin, sa chás seo, ar an gcéad dul síos, féadfar a chur san áireamh, dá dtagraítear san ordú tarchuir, go háirithe, i bpointí (a) agus (f) den dara ceist, gur cuireadh aigéad aicéiteach nó aigéad eile, nach bhfuil údaraithe, de réir fhaisnéis an mhonaróra, lena chaitheamh ag an duine, leis na gabhálacha atá i gceist sna príomhimeachtaí, ar éisc neamhphróiseáilte iad, agus de bhrí go leanann sé ó léamh comhcheangailte ar Airteagail 5 agus 15 de Rialachán Uimh. 1333/2008 agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis nach gceadaítear leis an Rialachán sin éisc neamhphróiseáilte agus táirgí iascaigh ina bhfuil breiseáin den sórt sin a mhargú, mar bhia.

69 Is amhlaidh atá maidir leis an bhfíoras, a bhfuil an chúirt a rinne an tarchur ag brath air, go háirithe, i gcomhthéacs Cheist 2(f), gur mheas údaráis bhia na Danmhairge go raibh siad 'mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine' mar gheall ar aigéad aicéiteach a chur leis na gabhálacha atá i gceist sna príomhimeachtaí. Leanann sé ó phointe 4 de Chaibidil III d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Uimh. 854/2004 nach mór a dhearbhú go bhfuil táirgí iascaigh mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine má mheasann na húdaráis inniúla go bhféadfaidís a bheith ina riosca don tsláinte phoiblí nó do shláinte ainmhithe nó go bhfuil siad mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine ar aon chúis eile.

70 Ar an dara dul síos, féadfar a chur san áireamh freisin, dá dtagraítear i gcuid (b) den dara ceist, gur sháraigh meánluach TVB-N roinnt de na gabhálacha atá i gceist sna príomhimeachtaí na teorainnluachanna a leagtar síos i bpointe 1 de Chaibidil I de Roinn II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Uimh. 2074/2005.

71 I ndáil leis sin, foráiltear leis an bhforáil sin go measfar táirgí iascaigh neamhphróiseáilte a bheith mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine, de réir bhrí Rialachán Uimh. 853/2004, i gcás ina n-eascraíonn amhras as an measúnú orgánaileipteach maidir lena n-úire agus ina léirítear leis an tseiceáil cheimiceach go sáraítear na teorainneacha a leagtar síos maidir le TVB-N. Leagtar síos le pointe 1(a) go (c) de Chaibidil I de Roinn II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Uimh. 2074/2005 teorainneacha TVB-N de 25, 30 agus 35 mg d'asóit/100 g d'fheoil faoi seach, ag brath ar speiceas na n-iasc dá dtagraítear i gCaibidil II de Roinn II d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

72 Is léir ón bhfaisnéis a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil gur suíodh gurb ann, i measc na dtáirgí atá i gceist sna príomhimeachtaí, d'éisc ar sháraigh a luach TVB-N na teorainneacha sin, rud a thugann le fios go bhfuil dul chun cinn dianscaoilte ann agus, dá bhrí sin, go bhfuil baol ann do shláinte an duine i gcás tomhaltais.

73 Ar an tríú dul síos, ós rud é, dá dtagraítear i gcuid (c) den dara ceist, gur stóráladh ar an mórchóir na héisc atá i gceist sna príomhimeachtaí, lena n-áirítear éisc aonair ar sháraigh a luach TVB-N na teorainneacha a leagtar síos i bpointe 1 de Chaibidil I de Roinn II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Uimh. 2074/2005, is fachtóir ábhartha é freisin a d'fhéadfadh a léiriú gurb ann do riosca do shláinte an duine, eadhon riosca micribhitheolaíoch nó éillithe eile gach éisc, go háirithe ó éisc atá in ard-dianscaoileadh.

74 Ar an gceathrú dul síos, tá an fíoras, dá dtagraítear go háirithe i gcuid (d) den dara ceist, nár chomhlíon cóireáil éisc agus fuíollghearrthóg éisc atá i gceist sna príomhimeachtaí rialacha an Aontais maidir le sláinteachas bia, a mhéid a bhaineann na rialacha sin go sonrach leis na guaiseacha sláinte a d'fhéadfadh a bheith ag baint le bia, ábhartha freisin.

75 Go háirithe, leanann sé ó léamh comhcheangailte ar Airteagal 1(1), Airteagal 2(1) (a) agus Airteagal 3 de Rialachán Uimh. 852/2004 go leagtar síos leis an Rialachán sin na rialacha ginearálta maidir le 'sláinteachas' bia, eadhon na bearta agus na coinníollacha is gá chun guaiseacha bia a rialú agus chun oiriúnacht bia lena chaitheamh ag an duine a áirithiú agus an úsáid atá beartaithe dó á cur san áireamh, nach mór d'oibreoirí gnólachtaí bia a chomhlíonadh ag gach céim den táirgeadh, den phróiseáil agus den dáileadh bia atá faoina gcúram. Ina theannta sin, is léir ó Airteagal 2(1)(f) agus ó roinnt forálacha de na hiarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin go mbaineann sé, *inter alia*, le cosaint ar 'éilliú' earraí bia, eadhon guais a bheith ann nó a thabhairt isteach.

76 Ina theannta sin, is léir ó Airteagal 1(1) de Rialachán Uimh. 853/2004 go leagtar síos leis an Rialachán sin, d'oibreoirí gnólachtaí bia, rialacha sonracha maidir le bia de bhunadh ainmhíoch lena bhforlíontar na rialacha a leagtar síos i Rialachán Uimh. 852/2004 agus atá infheidhme maidir le táirgí próiseáilte nó neamhphróiseáilte de bhunadh ainmhíoch. Faoi Airteagal 3(1) de Rialachán Uimh. 853/2004, comhlíonfaidh oibreoirí gnólachtaí bia, *inter alia*, forálacha comhfhreagracha Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.

77 I Roinn VIII, dar teideal 'Táirgí iascaigh', d'Iarscríbhinn III, tá, *inter alia*, ceanglais is infheidhme maidir le soithí, ceanglais atá le comhlíonadh le linn thabhairt i dtír na dtáirgí sin agus ina dhiaidh sin, ceanglais is infheidhme maidir le bunaíochtaí, lena n-áirítear soithí, a láimhseálann na táirgí sin, caighdeáin sláinte is infheidhme maidir leis na táirgí céanna agus ceanglais a bhaineann lena stóráil. Tá roinnt ceanglas i Roinn VIII freisin a bhaineann le teocht táirgí iascaigh, lena n-áirítear iad siúd a leagtar síos i bpointí I(B)(1) agus I(B)(3) de Chaibidil I, i bpointe 1(b)(ii) de Chaibidil II, i bpointe 1 de Chaibidil VII agus i bpointe 1(a) de Chaibidil VIII, atá beartaithe, go bunúsach, chun a áirithiú, *inter alia*, go gcoinneofar táirgí iascaigh úra agus táirgí iascaigh neamhphróiseáilte díreoite, le linn stórála agus iompair, lena n-áirítear díluchtú agus tabhairt i dtír, ag teocht atá gar do theocht oighir atá ag leá.

78 Thairis sin, le pointe C de Chaibidil V de Roinn VIII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Uimh. 853/2004, cuirtear toirmeasc ar tháirgí a sháraíonn teorainneacha TVB-N a leagtar síos i Rialachán Uimh. 2074/2005 a chur ar an margadh.

79 Sna himthosca sin, ní mór a mheas go bhféadfadh tionchar a bheith ag neamh-chomhlíonadh rialacha an Aontais maidir le sláinteachas earraí bia ar cé acu atá nó nach bhfuil riosca ag baint le táirge, go háirithe mar gheall ar éilliú a d'fhéadfadh a bheith ann nó mar gheall ar a staid dhianscaoilte, do shláinte an duine agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé mí-oiriúnach lena chaitheamh ag an duine.

80 Ar an gcúigiú dul síos, maidir le hábharthacht doiciméad tráchtála amhail na conarthaí chun na gabhálacha atá i gceist sna príomhimeachtaí a cheannach, dá dtagraítear i gcuid (e) den dara ceist, lena léirítear go raibh na gabhálacha sin beartaithe le haghaidh táirgeadh tionsclaíoch beatha ainmhithe seachas lena gcaitheamh ag an duine, ní mór a mheas go bhféadfadh doiciméid den sórt sin a bheith ina dtosca ábhartha a bhaineann leis na saintréithe agus na hairíonna oibiachtúla is gné dhílis de na táirgí atá i gceist sna príomhimeachtaí nach mór a chur san áireamh chun na táirgí sin a aicmiú faoin gceannteideal iomchuí de AC (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Aibreán 2016, *Oniors Bio*, C-233/15, EU:C:2016:305, mír 57).

81 Ar an séú dul síos, maidir leis an bhfíoras gur allmhairíodh na fuíollghearrthóga éisc atá i gceist sna príomhimeachtaí isteach san Aontas Eorpach mar sheachtháirgí ainmhithe a thagann faoi chatagóir 3, i gcomhréir le pointe 1 d'Airteagal 3, Airteagal 7(1) agus Airteagal 10(a) de Rialachán Uimh. 1069/2009, dá dtagraítear i bpointe (vi) de phointe (d) den dara ceist, ba cheart a mheabhrú go n-áirítear sa chatagóir sin ábhair a mheas reachtóir an Aontais a bheith 'ísealriosca' don tsláinte phoiblí agus do shláinte ainmhithe, go háirithe conablaigh agus codanna d'ainmhithe maraithe atá 'oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine', ach nach bhfuil ceaptha lena gcaitheamh amhlaidh ar chúiseanna tráchtála (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Meán Fómhair 2021, *Toropet*, C-836/19, EU:C:2021:668, míreanna 41 agus 47).

82 Dá bhrí sin, ós rud é go dtagann na fuíollghearrthóga éisc sin faoin gcatagóir sin, fiú má shuitear gur faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé, nach bhfuil dlínse aici ach fíorais an cháis a mheas, a léiriú go bhfuil na táirgí sin mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine mar gheall ar staid a gcur i láthair, de réir bhrí Nóta 1(c) a ghabhann le Caibidil 3 de Chuid a Dó, Roinn I, de AC, agus ní mór é sin a chur san áireamh freisin chun na táirgí sin a aicmiú faoin gceannteideal iomchuí de AC.

83 Ar bhonn na dtosca uile roimhe seo a bhaineann le saintréithe agus airíonna oibiachtúla na n-earraí atá i gceist sna príomhimeachtaí, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a mheas ar cheart a mheas go bhfuil na hearraí sin mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine, ionas, i gcomhréir le Nóta 1(c) a ghabhann le Caibidil 3 de Chuid a Dó, Roinn I, de AC, nach dtagann siad faoi Chaibidil 3 agus nach mór, dá bhrí sin, iad a aicmiú faoi cheannteideal 0511, dar teideal 'Táirgí ainmhithe nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; ainmhithe marbha atá faoi Chaibidil 1 nó 3, iad mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine' de AC.

84 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar na ceisteanna a tharchuirtear nach mór AC a léiriú sa chaoi go gciallaíonn ceannteideal 0511, dar teideal 'Táirgí ainmhithe nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; ainmhithe marbha atá faoi Chaibidil 1 nó 3, iad mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine',

– éisc iomlána a coinníodh ar bord soithí gabhála ar feadh i bhfad trí aigéad aicéiteach nó aigéad eile a chur leis ag teocht athraitheach a d'fhéadfadh a bheith níos mó ná na teorainneacha a leagtar síos i rialacha an Aontais maidir le sláinteachas bia, a bhfuil leibhéil éagsúla TVB-N acu, a bhfuil cuid acu níos mó ná na teorainneacha a leagtar síos sna rialacha sin, a stóráladh ar an mórchóir, nár láimhseáladh i gcomhréir leis na rialacha a eascraíonn as forálacha na rialacha sin, agus go léirítear sna doiciméid tráchtála a ghabhann leo gur gabhadh agus gur díoladh iad chun beatha ainmhithe a tháirgeadh, agus

– fuíollghearrthóga éisc nár láimhsíodh i gcomhréir leis na rialacha a eascraíonn as forálacha na rialacha céanna agus a léirítear sna doiciméid tráchtála a ghabhann leo gur seachtháirgí ainmhithe iad atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine ach nach bhfuil siad ceaptha lena

gcaitheamh ag an duine ar chúiseanna tráchtála agus gur táirgeadh agus gur díoladh iad chun beatha ainmhithe a tháirgeadh.

Costais

85 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Naoú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir leis an Ainmníocht Chomhcheangailte a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim, sa leagan is infheidhme maidir leis na fíorais sna príomhimeachtaí,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

go gcumhdaítear an méid seo a leanas faoi cheannteideal 0511, dar teideal ‘Táirgí ainmhithe nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; ainmhithe marbha atá faoi Chaibidil 1 nó 3, iad mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine’,

– **éisc iomlána a coinníodh ar bord soithí gabhála ar feadh i bhfad trí aigéad aicéiteach nó aigéad eile a chur leis ag teocht athraitheach a d’fhéadfadh a bheith níos mó ná na teorainneacha a leagtar síos i rialacha an Aontais maidir le sláinteachas bia, a bhfuil leibhéil éagsúla nítrigine bhunata sho-ghalaithe iomláine acu, a bhfuil cuid acu níos mó ná na teorainneacha a leagtar síos sna rialacha sin, a stóráladh ar an mórchóir, nár láimhseáladh i gcomhréir leis na rialacha a eascraíonn as forálacha na rialacha sin, agus go léirítear sna doiciméid tráchtála a ghabhann leo gur gabhadh agus gur díoladh iad chun beatha ainmhithe a tháirgeadh, agus**

– **fuíollghearrthóga éisc nár láimhsíodh i gcomhréir leis na rialacha a eascraíonn as forálacha na rialacha céanna agus a léirítear sna doiciméid tráchtála a ghabhann leo gur seachtháirgí ainmhithe iad atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine ach nach bhfuil siad ceaptha lena gcaitheamh ag an duine ar chúiseanna tráchtála agus gur táirgeadh agus gur díoladh iad chun beatha ainmhithe a tháirgeadh.**

[Sínithe]